Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Aibreán 2021
(OR. en)

14281/1/20
REV 1 ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0231(COD)

COMPET 658
MI 594
IND 286
CONSOM 227
JUSTCIV 158
AGRI 491
AGRIFIN 133
VETER 63
AGRILEG 178
SAN 497
DENLEG 92
PHYTOSAN 38
SEMENCES 23
STATIS 66
ECOFIN 1209
CADREFIN 485
CODEC 1398
PARLNAT 152

# RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, don réimse plandaí, ainmhithe, bia agus beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, agus (AE) Uimh. 652/2014<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 13 Aibreán 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 258/2014, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) 2017/826[1] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ('an Clár').

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2] agus ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 5 Nollaig 2018[3].

3. Ghlac an Chomhairle (Iomaíochas) cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an togra[4] ag an gcruinniú a bhí aici an 29 Samhain 2018. Níor áiríodh eilimintí áirithe sa chur chuige ginearálta páirteach, go háirithe forálacha lena ngabhann impleachtaí buiséadacha nó de chineál cothrománach, nó forálacha a bhaineann le pléití atá ar feitheamh i gcomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle maidir le tograí reachtacha eile. Marcáladh na heilimintí sin le lúibíní cearnacha sa téacs. Fágadh na heilimintí sin lasmuigh de raon feidhme na caibidlíochta ag an gcéim sin, de bhrí go raibh gá, i dtús báire, le tuilleadh dul chun cinn ar an leibhéal cothrománach, lena n-áirítear treoir pholaitiúil ón gComhairle Eorpach maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2021-2027, ionas go mbeadh an Chomhairle in ann a seasamh maidir leis na codanna sin a bhunú.

---

[1] 9890/18 + ADD 1.
[2] 13680/18.
[3] 15555/18.
[4] 14257/1/18 REV 1.

4. I bParlaimint na hEorpa, vótáladh ar an tuarascáil maidir leis an togra ón gCoimisiún sa Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an 22 Eanáir 2019 agus dearbhaíodh í sa seisiún iomlánach an 12 Feabhra 2019. Ag an am sin, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh[5]. Chuir Parlaimint na hEorpa an comhad ar aghaidh chuig an gcéad téarma parlaiminteach eile. An 8 Deireadh Fómhair 2019, ghlac Coiste IMCO an sainordú go foirmiúil chun tús a chur le caibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra.

5. Tionóladh cruinnithe tríthaobhacha an 23 Deireadh Fómhair 2019 agus an 18 Samhain 2019, agus é mar aidhm acu teacht ar chomhthuiscint maidir leis na codanna sin den togra nach bhfuil idir lúibíní. Ghlac an Uachtaránacht páirt sna cruinnithe tríthaobhacha sin agus glacadh an cur chuige ginearálta páirteach i mí na Samhna 2018 mar shainordú.

6. An 3 Nollaig 2019, chuir Parlaimint na hEorpa an Chomhairle ar an eolas faoina cinneadh stad a chur leis an gcaibidlíocht go sealadach ar an leibhéal polaitiúil. Cuireadh tús arís leis an gcaibidlíocht sa dara seimeastar de 2020, agus tionóladh an tríú cruinniú tríthaobhach an 28 Deireadh Fómhair 2020.

7. An 18 Samhain 2020, thug Coiste na mBuanionadaithe sainordú athbhreithnithe don Uachtaránacht mar bhonn don chaibidlíocht ag an gceathrú cruinniú tríthaobhach an 25 Samhain 2020 agus ag an gcúigiú cruinniú tríthaobhach an 8 Nollaig 2020.

8. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach maidir le téacs comhréitigh ag an gcruinniú tríthaobhach an 8 Nollaig 2020. Ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Nollaig 2020, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach sin d'fhonn teacht ar chomhaontú[6].

---

[5] 6212/19.
[6] 14258/20.

9. An 11 Eanáir 2021, d'fhormhuinigh Coiste IMCO Pharlaimint na hEorpa an téacs comhréitigh críochnaitheach. Ansin, an 15 Eanáir 2021, chuir Cathaoirleach Choiste IMCO litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á thabhairt le fios, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle a seasamh mar a comhaontaíodh le linn na gcruinnithe tríthaobhacha a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa, go molfadh sí don seisiún iomlánach an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan leasú, faoi réir a fhíoraithe ag na saineolaithe dlí agus teanga, ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa.

## II. CUSPÓIR

10. Beartaítear an Clár a bhunú do thréimhse CAI 2021-2027. Is cuid de na tograí earnála é lena gcomhlánaítear pacáiste na dtograí cothrománacha maidir le CAI don tréimhse sin.

11. Is é is cuspóir don Chlár rialachas an mhargaidh inmheánaigh a neartú agus a chur ar chumas saoránach, tomhaltóirí, gnólachtaí agus údarás poiblí an leas is fearr is féidir a bhaint as comhtháthú margaidh agus oscailt an mhargaidh trí dhlí an Aontais a fhorfheidhmiú, rochtain ar an margadh a éascú, caighdeáin a shocrú agus sláinte an duine, ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe a chur chun cinn, agus prionsabail na forbartha inbhuanaithe á n-urramú agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á áirithiú ag an am céanna, chun tacú le hiomaíochas fiontar, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus chun creat a bhunú chun staidreamh Eorpach a chlársceidealú agus a mhaoiniú.

12. Tugtar le chéile sa Chlár gníomhaíochtaí arna maoiniú le linn thréimhse CAI roimhe seo faoi shé cinn de chláir réamhtheachtacha (clár staidrimh Eorpach; COSME; Clár tomhaltóirí; Clár lena gclúdaítear gníomhaíochtaí sonracha i réimse an tuairiscithe airgeadais agus na hiniúchóireachta; Rialachán i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí; Rialachán lena dtacaítear le rannpháirtíocht tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile seirbhísí airgeadais), ina bhfuil roinnt tionscnamh nua freisin.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

### A. Barúlacha ginearálta

13. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta féachaint le teacht ar chomhaontú go luath le linn an dara léamh, bunaithe ar sheasamh ón gComhairle ar an gcead léamh, a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas sa riocht sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar ar tháinig na comhreachtóirí.

### B. Barúlacha sonracha

14. Le linn na caibidlíochta a bhí ar siúl i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2020, d'éirigh leis na comhreachtóirí teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna seo a leanas a bhí fós gan réiteach:

– **Fad an Chláir**: Chomhaontaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa go mbunaítear an Clár tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus go bhfuil fad an Chláir ailínithe le fad CAI.

– **Cúnamh teicniúil agus riaracháin do chur chun feidhme an Chláir**: Chomhaontaigh na comhreachtóirí nach sáróidh costais iomlána na tacaíochta riaracháin agus teicniúla 5 % de luach an imchlúdaigh airgeadais iomláin atá ar fáil chun an Clár a chur chun feidhme.

– **Tairbhithe ainmnithe a dhéanann ionadaíocht do leas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais**: Comhaontaíodh go dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le hionadaíocht leas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais chun liosta na n-eintiteas a fhéadfar deontas a dhámhachtain orthu faoin gClár gan ghlao ar thograí a leasú.

- **Saotharlanna náisiúnta tagartha mar thairbhithe ainmnithe, agus a gcreidiúnú**: Thángthas ar chomhaontú maidir leis an bhféidearthacht go mbainfeadh saotharlanna náisiúnta tagartha sláinte plandaí, agus saotharlanna náisiúnta tagartha sláinte ainmhithe tairbhe, mar thairbhithe ainmnithe, as deontais arna ndámhachtain faoin gClár más ionann gníomhaíochtaí na saotharlann náisiúnta sin lena dtacaíonn an Clár agus breisluach an Aontais, agus má tá go leor cistiúcháin ar fáil faoin gClár chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Foráiltear do choinníollacha inchomparáide maidir leis na tairbhithe ainmnithe a chinneadh agus maidir lena gcreidiúnú.

- **Rialacha cómhaoinithe sa réimse plandaí, ainmhithe, bia agus beatha**: Tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir le ráta seasta cómhaoinithe de 50 % a mhéadófar go 75 % ar bhonn eisceachtúil agus go 100 % faoi choinníollacha áirithe. Beidh an Coimisiún in ann gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun ráta cómhaoinithe níos ísle a shocrú i gcás inar gá sin mar gheall ar infhaighteacht bhuiséadach, cur chun feidhme neamhleor an Chláir nó an bhirt éigeandála, nó deireadh a chur de réir a chéile le cómhaoiniú do ghníomhaíochtaí i gcoinne galar ainmhithe nó lotnaidí plandaí.

- **Gníomhartha tarmligthe, gníomhartha cur chun feidhme agus coistí**: Chomhaontaigh na comhreachtóirí go nglacfaí cláir oibre trí ghníomhartha cur chun feidhme atá ceaptha éifeacht a thabhairt do na rialacha atá leagtha síos cheana sa bhunghníomh agus i gcomhréir le reachtaíocht earnála ghaolmhar i gcás inarb infheidhme. Cuirfear na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach. Maidir le gníomhartha tarmligthe, comhaontaíodh go dtabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus go ndéanfar í a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin.

- **Cúlghabhálacht**: Comhaontaíodh go dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus go mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

15. Léirítear go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an Rialachán ó Pharlaimint agus ón gComhairle lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d’iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, don réimse plandaí, ainmhithe, bia agus beatha, agus don staidreamh Eorpach an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna éascú ag an gCoimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste IMCO chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 15 Eanáir 2021.